# DUILLEOG





## Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 21 — An Cháisc 2012


# RITH 2012

| | Rith 2012 rith.ie | korrika.org | ar-redadeg.org |
|---|---|---|---|
| Ar siúl | Éire | Tír na mBascach | An Bhriotáin |
| Teanga | Gaeilge | An Bhascais | An Bhriotáinis |
| Líon cainteoirí | 400,000 | 665,800 | 270,000 |
| Stádas oifigiúil ag an teanga | Éire<br>Tuaisceart Éireann<br>An tAontas Eorpach | Tír na mBascach<br>Navare | |
| An chéad rás | 2010 | 1980 | 2008 |
| Fad | 700km | 2000km | 1500km |







Scoil Mhuire, Doire Beaga



Pobalscoil Ghaoth Dobhair

Cuireadh tús le RITH 2012 go luath ar maidin an 8 Márta ag crois-bhealach an Bhun Bhig anseo i nGaoth Dobhair. Ba é an T.D. agus Aire Stáit na Gaeltachta Donnchadh Mac Fhionnlaoich a rinne an seoladh. Dhá bhliain ó shin a tháinig RITH go hÉirinn den chéad uair mar chuid de Sheachtain na Gaeilge 2010.

Tá sé mar aidhm ag RITH teanga agus cultúr na hÉireann a cheiliúradh agus á chuir chun cinn go feiceálach sa phobal uilig.

Bhí slua mór i láthair an mhaidin sin i nGaoth Dobhair le tacaíocht a thabhairt agus a bheith ag RITH. Tháinig na scoltacha uilig amach fiú tháinig siad ó Rann Na Feirste ón Chéideadh sna Rosann agus ó Mhín Tine Dé in Ard a' Rátha.

Deir an lucht eagraithe gur ghlac thar 2000 duine páirt ann san Chontae seo. Ba go dtí an Srath Bán a bhí a dtriall an chéad lá agus bhí cóisir agus ceiliúradh acú ansin an oíche sin.

Cuireadh bia ar fáil san Chrannóg an mhaidin sin don lucht tacaíochta. Críochnaigh RITH 2012 a mhair 10 lá in Inis Mór, Árainn na Gaillimhe ar Lá Fhéil Pádraig.

Tá moladh mór ag dul don lucht eagraithe agus d'achan duine a bhí páirteach ar dhóigh ar bith .

# RITH 2012




An RITH thar an Chrannóg




Tá siad ag teacht !

Tá an CLUB 50 réidh !





Sos do am tae sa Chrannóg

# Ranganna Ceoil na Crannóige









Bhí an taispeántas ar siúl san Acadamh mar pháirt de Sheachtain na Gaeilge

# Éigse Uladh 2012




Na cainteoirí Éamonn Mac Niallais-Guth na Gaeltachta, Liam Ó Cuinneagáin-Údarás na Gaeltachta, Máire Mhic Niallais-Éigse Uladh, Donnchadh Mac Fhionnlaoich T.D. agus Aire Stáit, an Dlíodóir Antoin Delap cainteoir, Colm Ó Baoill– an Comhar-chumann , Cathaoirleach ar an díospóireacht ar an Téama :Na Dúshláin atá ann don Ghaeltacht agus don Ghaeilge in am seo an ghanntanais. Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD agus Aire Stáit a rinne an oscailt oifigiúil ar an Éigse san Acadamh.



Diarmaid Ó Mórdha-Stiúrthóir Roinn na Gaeltachta, Na Doirí Beaga, Liam Ó Cuinneagáin-Cathaoirleach Údarás na Gael-tachta agus an Dr Pádraig Ó Baoill, Sagart Paróiste Ghaoth Dob-hair



Mícheál agus Bronagh ó Theach Thomáis i mbun seastán na leabhar ag an Éigse le Máire agus Bríd Mhic Giolla Bhríde.



Uinseann Ó Breisleain, Diarmaid Ó Cnáimhsí, an tAthar Brian Ó Fearraigh, Máire Mhic Niallais agus Anna Uí Bhreisleain



Pádraig Ó Dochartaigh Comhairleoir Contae agus ball de Bhord Údarás na Gaeltachta, Réiltín Ní Chnáimhsí agus Brian Mac Giolla Chomhail—Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



Seán Ó Cléirigh, Padraig an Choip Ó Gallchóir-ball Pharlaimint na hEorpa , Seán Mac Niallais agus an tAthar Brian Ó Fearraigh - Séiplíneach Phobalscoil Ghaoth Dobhair

# Paráid na Féile Pádraig 2012














Banna ceoil na Crannóige le Muintir "Slí Cholmcille" Éirinn agus Alba

Don 6ú bliain reáchtáil an Comharchumann Paráid na Féile Pádraig i gcomhar le Cumann Trádála agus Tionsclaíochta Ghaoth Dobhair. Thosaigh an Pharáid ag an Bhun Bheag ag 2.30 pm agus lean sé ar aghaidh go Doire Beaga. Bhí an t-ádh orainn go raibh an lá galánta agus go dtáinig na sluaite amach le páirt a ghlacadh agus le bheith ag féachaint air. Bhí Bannaí Ceoil ann, Capaill agus Cairt, Plúirín Sneachta agus na Seacht Abhac, Ghostbusters agus Mrs Brown agus a cuid Gasúraí chomh maith leis an Athair Ó Fearraigh "Sagart na ndaoine". Chuir muid fáilte roimh ár gcuairteoirí as Ollscoil Newcastle í nDún Eadain na hAlban, a bhí anseo don deireadh seachtaine agus a bhain sult mhór as na h-imeachtaí uilig. Ár mbuíochas do achan nduine a ghlac páirt agus a thug cuidiú ar dhóigh ar bith leis an lá. Moladh agus buíochas mór go hairid do Tony a tharraingíonn an lá uilig le chéile achan bhliain.

# Taispéantas Ceoil ó










Comórtas Gael Factor 2012

Megan Nic Fhionnlaoich, Cathal Ó Curráin agus Caitríona Ní Ghribín. Bhain siad an chead áit amach sa Chomórtas Náisiúnta de Gael Factor Óige na Gaeltachta a bhí ar siúl in Halla Leitir Mór i gConamara le gairid.

Maith sibh agus Comhgháirdeas libh.






Majella Nic Phaidín, Sharon Nic Pháidín, Alannah Ní Dhugáin, Lisa Nic Pháidín agus Emma Ní Fhíoruisce, a bhain amach an dara háit i gComórtas Leath Cheannais Scór CLG Uladh 2012.

Bhí Emma páirteach i gcomórtas scléip chomh maith.

## Rang Scéalaíochta

sa Chrannóg ar feadh 5 seachtainí ón 27 Aibreán - 25 Bealtaine do pháistí bun-scoile gach Aoine ar 4.30







# Margadh Bidh



## An Chrannóg

## Dara Sathairn don Mhí

## 11.00 - 2.00





Ma tá suim agat spás a ghlacadh, cuir scairt ar 074 9532208.

## An Béal Binn 2012



Ceitleann Ní Dhuibhir Ní Dhúlacháin a bhain an príomh dhuais "Corn Cuimhneacháin Phat Uí Rabhartaigh



Seamus Ó Gallchóir, Údarás na Gaeltachta le muintir Bhaile na Finne ag Éigse Uladh san Acadamh



Laura Ní Dhuibhir a bhain Corn Cuimhneacháin Bhríd Ní Bhaicear.



Éamonn Mac Niallais, Guth na Gaeltachta, Donnchadh Ó Baoill, Údarás na Gaeltachta agus Liam Ó Cuinneagáin Cathaoirleach an Údaráis ag an Éigse